



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2023

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Fisic agus Ceimic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Treoirlínte Ginearálta

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a thabhairt ar an méid a leanas.

1. I go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhocail – i.e. focail nach mór dóibh a bheith sa chomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
2. Is ionann marcanna a léirítear idir lúibíní agus marcanna a bhronntar as freagraí páirteacha mar a léirítear sa scéim.
3. Is freagraí malartacha iad focail, leaganacha nó ráitis a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon.
4. Freagraí a dheighiltear óna chéile le soladas dúbailte, //, is freagraí iad sin atá comheisiach. Ní féidir freagra neamhiomlán ó thaobh amháin den // a thabhairt san áireamh le freagra neamhiomlán ón taobh eile.
5. **Níl** na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Is féidir marcanna le haghaidh cur síos a fháil ó léaráid ábhartha, ag brath ar an gcomhthéacs.
6. Áit a léirítear, baintear 1 mharc as aonaid mhíchearta / easpa aonad.
7. Gach uair dá dtarlaíonn botún uimhríochta sa ríomh, baintear aon mharc amháin.
8. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
9. Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Mar sin, i gcás ar bith, d'fhéadfaí é a athrú ó bhliain go bliain.
10. Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, e.g. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíodh níos mó ná 75% de na marcanna iomlána.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

400@10%

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin a **shlánú síos**.

Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 303	29
304 - 306	28
307 - 310	27
311 - 313	26
314 - 316	25
317 - 320	24
321 - 323	23
324 - 326	22
327 - 330	21
331 - 333	20
334 - 336	19
337 - 340	18
341 - 343	17
344 - 346	16
347 - 350	15

Bunmharc	Marc Bónais
351 - 353	14
354 - 356	13
357 - 360	12
361 - 363	11
364 - 366	10
367 - 370	9
371 - 373	8
374 - 376	7
377 - 380	6
381 - 383	5
384 - 386	4
387 - 390	3
391 - 393	2
394 - 396	1
397 - 400	0

CEIST 1**Aon cheann déag de na míreanna****11×6****(a) Luaigh tríd dlí gluaisne Newton.****2×3**

do gach gníomh nó fórsa

...3

tá frithghníomh nó fórsa comhionann agus malartach

...3

(b) Tá Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath 4.5 km ar fad agus tá teorainn luais 80 km san uair ann. Úsáidtear ceamaraí ag an bpointe isteach agus ag an bpointe amach chun meánluas feithicle á tiomáint tríd an tollán a aimsiú. Cad é an t-am íosta, ina nóiméid, chun tiomáint tríd an tollán gan 80 km san uair ar an meán a shárú?

2×3

$$am = fad\ iomlán \div (meán)\ luas / t = \frac{s}{v} / (t =) \frac{4.5}{80} / (t =) \frac{4.5}{1.3333}$$

...3

$$0.05625\ uair \Rightarrow 3.375\ nóiméad$$

...3

[má thugtar 80 km san uair in áit km sa nóiméid, ceadaigh ríomhaireacht bunaithe ar 1.3, 1.33, 1.333, chun 3.462, 3.383, 3.376, a thabhairt, faoi seach]

(c) Luaigh prionsabal imchoimeád an mhóimintim.**2×3**

¹i gcás nach ngníomhaíonn fórsa seachtrach nó i gcóras dúnta, is ionann móiminteam (iomlán) roimh (imbhualadh) // ²i gcás nach ngníomhaíonn fórsa seachtrach nó i gcóras dúnta, fanann nó is ionann an móiminteam (iomlán) // ³i gcás nach ngníomhaíonn fórsa seachtrach nó i gcóras dúnta, $m_1u_1 + m_2u_2 =$

...3

¹móiminteam tar éis // ²tairiseach // ³ $m_1v_1 + m_2v_2$ nó $(m_1 + m_2)v$

...3

[‘fórsa seachtrach’ nó ‘córas dúnta’ fágtha amach (–1)]

(d) Nuair a buaileadh uair amháin le casúr é, tugadh treoluas cothrománach tosaigh $8.0\ m\ s^{-1}$ do thairne ar mais dó $0.018\ kg$ agus dá bharr sin threáigh a phointe $0.02\ m$ go cothrománach isteach i mbloc adhmaid roimh theacht chun fois dó.

Ríomh an meánfhórsa a d’imir an t-adhmaid ar an tairne.**3, 2, 1**

$$v^2 = u^2 + 2as\ \text{nó}\ 0^2 = 64 + 2 \times a \times 0.02$$

...3

$$(\Rightarrow a =) (-)1600\ m\ s^{-2}$$

...2

$$(F = ma = 0.018 \times 1600 =) 28.8\ (N\ \text{nó}\ kg\ m\ s^{-1})$$

...1

(e) Conas a thugann gluaisne de Brún fianaise maidir leis an teoiric chinéiteach?**6**

léiríonn cáithníní ag gluaiseacht go tapa nó go randamach nó i bhfiarláin / léiríonn imbhualtí cáithníní / léiríonn nádúr cáithníníeach ábhair

...6

(f) Mínigh conas is féidir go mbeadh sampla X de leacht agus sampla Y den leacht céanna ag an teocht céanna ach le cainníochtaí teasa difriúla iontu.

6

mais dhifriúil nó toirt dhifriúil

...6

(g) Bhí $0.75\ mol$ de dhé-ocsaíd charbóin ag teocht $293\ K$ laistigh de shorcóir gáis beag a raibh toirt $7 \times 10^{-5}\ m^3$ ann. Cad é brú, ina Pa, an gháis laistigh den sorcóir?

4, 2

$$PV = nRT / P \times 7 \times 10^{-5} = 0.75 \times 8.31 \times 293$$

...4

$$(P =) 2.60\ (\text{nó}\ 2.61) \times 10^7\ (Pa)$$

...2

(h) Cén cineál scátháin a chruthaíonn íomhá ag an éigríoch de fhrithne ag a fhócas?

6

cuasach nó inréimneach

...6

(i)	Eagraigh na foirmeacha radaíochta leictreamaighnéadaí in ord tonnfhad <i>méadaitheach</i>:	6
	gáma-thonnta radaíocht infridhearg x-ghathanna solas vialait	6
	gáma, x-ghathanna, solas vialait, infridhearg	...6
	[lig do ...3 d'ord contrártha] [lig do ...3 má tá an 1 ^ú agus an 4 ^ú ceann ceart]	
(j)	Cad atá i gceist le díraonadh toinne?	4, 2
	leathadh toinne nó lúbadh toinne	...4
	tar éis dul thar nó de réir mar a théann sé thar bhacainn nó trí bhearna nó isteach i scáth geoiméadrach	
	bacainne	...2
(k)	I bhFíor 2 léirítear fadtonn atá ag gluaiseacht ar dheis. A = 12 cm. Cad é tonnfhad na toinne?	6
	4 (cm)	...6
(l)	Scriobh cothromóid chun toilleas a shainmhíniú.	6
	$(C =) \frac{Q}{V}$ / (is é toilleas) an cóimheas lucht le difríocht phoitéinsil	...6
	[lig do ...3 le haghaidh $C = \frac{\epsilon A}{d}$]	
(m)	Cad is réimse maighnéadach ann?	2x3
	spás nó réigiún timpeall maighnéid nó leictreamaighnéid nó lucht leictreach gluaise nó seoltóir	
	a iompraíonn sruth	...3
	ina ghníomhaíonn a fhórsa ann / inar féidir a éifeachtaí a bhrath / ina fhreagraíonn snáthaid chompáis	
	nó mionrabh iarainn	...3
(n)	Cad é comhfhriotaíocht iomlán cheithre fhriotóir 9 Ω atá i dtreocheangal?	4, 2
	$\frac{1}{R} = \frac{1}{R_1} + \frac{1}{R_2} + \frac{1}{R_3} + \frac{1}{R_4} \quad \frac{1}{R} = \frac{1}{9} + \frac{1}{9} + \frac{1}{9} + \frac{1}{9} \quad \frac{1}{R} = \frac{4}{9}$	...4
	$\Rightarrow R = 2.25 (\Omega)$	...2
(o)	Sainaithin an cineál feiste a athraíonn soláthar 230 V s.a. go soláthar 5 V s.a.	6
	claochladán	...6
(p)	Cén fáth a n-úsáidtear voltais arda chun fuinneamh leictreach a tharchur thar fhaid slí mhóra?	6
	eacnamaíoch / cailltear níos lú cumhachta / níos lú teasa (caillte) / lucht níos lú i sreanga /	
	is féidir sreanga níos tanaí a úsáid, etc.	...6
(q)	Cén t-athrú a tharlaíonn i núicléas éagobhsaí nuair a astaíonn sé béite-cháithnín?	4, 2
	athraíonn neodróin go prótóin / méadaíonn an uimhir adamhach faoi 1	
	agus leictreon (a astaítear) an chéad cheann cheart ...4, an dara ceann ...2	
	[lig do 'athraíonn prótóin go neodróin agus posatrón (a astaítear)' ...4 + ...2]	
(r)	I bhFíor 3 léirítear an dá chéim dheiridh i slabhra meatha radaighníomhaigh.	
	Sainaithin an t-iseatóp deiridh den slabhra a fhoirmítear nuair a astaíonn núicléas biosmat-211	
	alfa-cháithnín agus nuair a astaíonn a mhac-núicléas (D) béite-cháithnín ansin.	2x3
	luaidhe / Pb	...3
	207	...3
	[lig do mearcair / Hg / 207, ag teacht le hastú posatrón ...3 + ...3]	
	[lig do D = Tailliam / Tl-207 le haghaidh...3]	

CEIST 2

(a) Sainmhínigh (i) fórsa,

6

is cúis le (is cúis de ghnáth le) luasghéarú (gluaisne) nó athrú treo nó athrú ar chruth nó athrú ar ghluaisne reatha ó thaobh méide nó treo

...6

[lig do ...6 le haghaidh brú nó tarraingthe nó idirghníomhú idir dhá mhír nó is cúis le himoibriú nó ($F = ma$)

(ii) obair.

2×3 nó 6

¹i gcás pointe chur i bhfeidhm fórsa // ²cur i bhfeidhm fórsa // ³fuinneamh aistrithe nuair

a ngníomhaíonn fórsa

...3

¹bogann sé i dtreo an fórsa // ²thar fhad // ³thar fhad

...3

nó

nó

fórsa × díláithriú / fórsa × fad / Fs / Fd / athrú ar fhuinneamh cinéiteach nó ar fhuinneamh poitéinsiúil (imtharraingteach)

...6

(iii) Cad é an coibhneas idir obair agus fuinneamh cinéiteach?

3

obair tiontaithe go fuinneamh cinéiteach (nuair atá fórsa ina chúis le gluaiseacht) / $Fs = \frac{1}{2}mv^2$ /

$Fs = \frac{1}{2}mv^2 - \frac{1}{2}mu^2$

...3

[lig do 'is é fuinneamh an cumas obair a dhéanamh' le haghaidh ...1]

(iv) Cén chainníocht a shainítear mar ráta déanta oibre?

3

cumhacht

...3

I bhFíor 4 taispeántar conas a chuir ailtire rampa rochtana sa dearadh d'fhoirgneamh. D'úsáid páiste ar mais dó 21.0 kg an rampa chun dul isteach sa bhfoirgneamh, a bhfuil a urlár 2.5 m go hingearach os cionn na talún.

(v) Luaigh dlí imchoimeád an fhuinnimh.

6

ní chruthaítear ná scriostar fuinneamh ach is féidir é a thiontú ó fhoirm amháin go foirm eile

...6

[lig do $E_k + E_p = \text{tairiseach}$...6] [lig do $\Delta E_k + \Delta E_p = 0$...6]

[‘ach is féidir é a thiontú ó fhoirm amháin go foirm eile’ fágtha amach (–3)]

(vi) Cad é an fuinneamh poitéinsiúil a ghnóthaigh an páiste a chuaigh isteach sa bhfoirgneamh?

4, 2

($E =$) mgh / ($E =$) $21 \times 9.8 \times 2.5$

...4

($E =$) 514.5 J

...2

[gan aonad nó aonad mícheart (–1)]

(vii) Cad is buntáiste a bhaineann le rampa fada a bhfuil fána réidh leis seachas rampa a bhfuil fána ghéar leis do dhaoine atá ag dul isteach agus ag teacht amach as an bhfoirgneamh?

3

níos lú fórsa ag teastáil (leis an obair chéanna a dhéanamh) / níos lú fórsa nó níos éasca bugaí nó cathaoir rotha a bhrú / níos lú luasghéaraithe ag imeacht / níos éasca le rialú nó le meáchan bugaí nó cathaoir rotha a sheasamh ar rampa síos / tá sé níos sábháilte, etc.

...3

(b) Sa tábla thíos tugtar an obair a rinneadh nuair a cuireadh fórsaí éagsúla i bhfeidhm ar mhais 32.0 kg chun an díláithriú céanna, s , a bhaint amach i ngach cás.

Fórsa (N)	0	15	30	45	55	70	80
Obair (J)	0	460	900	1,360	1,640	2,060	2,380

(i) Ar ghrafháipéar, breac graf a thaispeánann comhathrú oibre le fórsa (x-ais).

4×3

aiseanna lipéadaithe obair nó giúil nó J, agus fórsa nó níutain nó N

...3

aiseanna tarraingthe le scálaí cuí

...3


sé phointe breactha i gceart

...3

pointí ceangailte le líne dhíreach trí bhunphointe

...3

[mura bhfuil ar ghrafhápéar (-3)] [aiseanna iompaithe droim ar ais (-3)]



(ii) Cén chainníocht is féidir a aimsiú ó fhána an ghraif?

3

díláithriú / fad / s

...3

(iii) Faigh luach na cainníochta seo ó do ghraf.

2×3

Obair ó phointí roghnaithe iarrthóra.

e.g.

$$\frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{1500 - 1000}{50 - 34} / \frac{\text{éiriú}}{\text{rith}} = \frac{1500 - 1000}{50 - 34} \quad \dots 3$$

(fána = fad =) 31.25 m ...3

[gan aonad nó aonad mícheart (–1)]

nó

nó

má thugtar obair ar x-ais, féadfar marcanna a thuilleamh

e.g.

$$\frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{50 - 34}{1500 - 1000} / \frac{\text{éiriú}}{\text{rith}} = \frac{50 - 34}{1500 - 1000} \quad \dots 3$$

(fána = 1/0.032 ⇒ fad =) 31.25 m ...3

[gan aonad nó aonad mícheart (–1)] [ceadaigh N J^{–1} le haghaidh aonaid má tá an obair ar x-ais]

(iv) Faigh, ó do ghraf nó ar shlí eile, an obair a dhéanfaí dá gcuirfí fórsa 65 N i bhfeidhm..

6

ón nghraf: tugann 65 N 1925 [1900 – 1950] (J) / ag úsáid $W = Fs = 65 \times 31.25 = 2031.25$ (J) ...6

(v) Cén luas deiridh a bhí ag an mais 32.0 kg, a bhí ar fos ar dtús, tar éis don fórsa 65 N a bheith i bhfeidhm thar dhíláithriú s, ag glacadh leis gur féidir neamhaird a dhéanamh d'fhórsaí ar bith eile?

3, 2, 1

obair déanta = E_k nó $\frac{1}{2}mv^2$...3

$1925 = \frac{1}{2}mv^2$ or $\frac{1}{2} \times 32.0 \times v^2$...2

($v =$) 10.9 – 11.0 m s^{–1} ...1

[gan aonad nó aonad mícheart (–1)]

nó

nó

(luasghéarú = $F \div m = 65 \div 32 =$) 2.03(125) m s^{–2} ...3

($v^2 = u^2 + 2as \Rightarrow v^2 = (2 \times 2.03(125) \times 31.25 =$) 126.953(125) ...2

($v =$) 11.2 – 11.3 m s^{–1} ...1

[gan aonad nó aonad mícheart (–1)]

nó

nó

(luasghéarú = $F \div m = 65 \div 32 =$) 2.03(125) m s^{–2} ...3

$s = ut + \frac{1}{2}at^2 \Rightarrow t = 5.55$ (s) ...2

($v = u + at = 2.03(125) \times 5.55 =$) 11.2 – 11.3 m s^{–1} ...1

[gan aonad nó aonad mícheart (–1)]

CEIST 3**(a) (i) Luaigh dlí Charles.****3×3**

tá toirt i gcomhréir (go díreach) le teocht absalóideach / tá toirt i gcomhréir (go díreach) le teocht ar scála Kelvin / $V \propto T$ / $\frac{V}{T} = \text{tairiseach}$ nó $\frac{V_1}{T_1} = \frac{V_2}{T_2}$ / méadaíonn toirt ag fachtóir de 1/273 le haghaidh

gach ardú céime amháin (Celsius, nó K amháin) ar theocht

...3

le haghaidh mhais sheasta gáis

...3

ag brú tairiseach

...3

[má thugtar ‘athraíonn’ seachas ‘comhréireach’, ní mór ‘athraíonn go díreach’ a bheith ann ach ní gá ‘go díreach’ le ‘comhréireach’]

Bhí toirt 7,100 cm³ ag 293 K i liathróid chispheile líonta le haer, cosúil leis an gceann a thaispeántar i bhFíor 5.

(ii) Cé mhéad a chrap an liathróid, go dtí an cm³ is gaire, nuair a fágadh lasmuigh í ar oíche fhuar ag 273 K?

3×3

$$\frac{V_1}{T_1} = \frac{V_2}{T_2} \quad / \quad \frac{7100}{293} = \frac{V_2}{273}$$

...3

(V₂ =) 6615.4 (cm³) nó 6615 (cm³)

...3

(7100 – 6615.4 = 484.6) ⇒ 485 (cm³)

...3

Taispeánann na sonraí sa tábla thíos na brúnna (P) ag mais sheasta gáis a taifeadadh ag roinnt luachanna teochta difriúla (T). Tá an toirt tairiseach.

T (K)	100	150	200	273	325	350	400
P (kPa)	29	44	61	83	98	106	120

(iii) Breac graf a thaispeánann comhathrú P le T .

4×3

aiseanna atá lipéadaithe mar P nó brú nó kPa agus T nó teocht nó K

...3

aiseanna tarraingthe le scálaí cuí

...3


sé phointe breactha i gceart

...3

pointí ceangailte le líne dhíreach

...3

[mura bhfuil ar ghrapháipéar (–3)] [lig do aiseanna iompaithe droim ar ais]



(iv) Cén coibhneas idir brú agus teocht a shonraíonn do ghraf?

4, 2

brú i gcomhréir le teocht (Kelvin)

...4

Cosain do fhreagra.

líne dhíreach

...2

(b) (i) Cad atá i gceist le teocht tríphointe uisce?	6
an teocht ag a mbíonn gal nó gal uisce, uisce (leachtach), agus oighear taobh le chéile / trí staid uisce i láthair ag an am céanna	...6
[lig do 0.01 °C nó 273.16 K le haghaidh...3]	
(ii) Is ceann amháin den dá phointe sheasta a úsáidtear chun teocht ar scála Kelvin a shainiú é tríphointe uisce. Cad é an pointe seasta eile?	6
dearbhnialas / 0 K / -273.15 °C	...6
(iii) Úsáideann an gásteirmiméadar toirt-tairiseach brú mar a <u>airí teirmiméadrach</u>. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.	3
athraíonn (ar bhealach gur féidir a thomhas) de réir mar a athraíonn an teocht	...3
(iv) Cén fáth a n-úsáidtear gásteirmiméadar toirt-tairiseach mar theirmiméadar caighdeánach?	6
bunaithe ar chaighdeán airí teirmiméadrach PV / neamhspleách ar ghás a úsáidtear / úsáidtear le teirmiméadair eile a chalabrá / cruinn / raon leathan / íogair / tugann teirmiméadair atá bunaithe ar airíonn teirmiméadracha difriúla léimh dhifriúla don teocht chéanna / tugann teirmiméadair dhifriúla léimh dhifriúla don teocht chéanna	...6
Sainítear teocht, T, ar scála Kelvin de réir an tsloinn $T = 273.16 \left(\frac{P_T}{P_{tp}} \right)$ áit ar léamha brú ó ghásteirmiméadar toirt-tairiseach iad P_T agus P_{tp} ag teocht T agus ag an teocht tríphointe uisce, faoi seach.	
(v) Ríomh an brú ag an teocht tríphointe uisce i ngásteirmiméadar toirt-tairiseach a thug léamh don bhrú de 9.40×10^4 Pa ag 313.15 K.	2, 1
$T = 273.16 \frac{P_T}{P_{tp}} / P_{tp} = 273.16 \frac{P_T}{T} / P_{tp} = 273.16 \frac{9.40 \times 10^4}{313.15}$	..2
$(P_{tp} =) 8.20 \times 10^4$ Pa	...1
[gan aonad nó aonad mícheart (-1)]	
(vi) Scríobh slonn don choibhneas idir teocht ar scála Kelvin T agus teocht ar scála Celsius θ.	6
$T = \theta + 273(.15)$ nó $\theta = T - 273(.15)$	...6
[má thugtar '273.16' i gceachtar slonn (-1)]	

CEIST 4

(a) (i) Cad is athraonadh solais ann?

4, 2

lúbadh (solais)

...4

agus é ag dul ó mheán amháin go meán eile

...2

(ii) Luaigh dlí athraonta Snell.

6 nó 2×3

$\frac{\sin i}{\sin r} =$ tairiseach nó n nó k nó μ
nó

...6

nó

1 síneas uillinn ionsaithe i gcomhréir le $//$ $^2\sin i \propto$

...3

1 síneas uillinn athraonta $//$ $^2\sin r$

...3

[frithchaitheamh seachas athraonadh (–3)] [sínis fágtha amach (–3)]

(iii) Déan cur síos, le cabhair léaráid lipéadaithe, ar thurgnamh chun an chomhéifeacht athraonta ag bloc gloine dronuilleogach a thomhas.

3×3

ga ionsaitheach agus ga athraonta agus pionnaí nó bosca ga nó léasar á úsáid

...3

tomhais uillinn ionsaithe agus uillinn athraonta

...3

meán luachanna $\sin i \div \sin r$ / is é an chomhéifeacht athraonta fána ghraf $\sin i$ in aghaidh $\sin r$

...3

[gan léaráid nó léaráid gan lipéid (–3)]

Luaigh cé acu an dtarlaíonn athrú

3×3

(iv) ina luas,

tarlaíonn nó sea

...3

(v) ina mhinicíocht

ní tharlaíonn nó ní hea

...3

(vi) ina thonnfhad, nuair a dhéantar tonn solais a athraonadh.

tarlaíonn nó sea

...3

(b) Cruthaíonn lionsaí íomhánna de bharr athraonadh gathanna ionsaithe.

(i) Idirhealaigh idir fíoríomhá agus íomhá fhíorúil.

2×4

fíoríomhá: tarlaíonn mar thoradh ar thrasnú iarbhír ganna solais / is féidir é a chruthú ar scáileán / mír ar thaobh amháin den lionsa agus íomhá ar an taobh eile


...4

íomhá fhíorúil: tarlaíonn mar thoradh ar thrasnú dealraitheach gathanna solais / ní féidir é a chruthú ar scáileán / mír agus íomhá ar an taobh céanna den lionsa

...4

(ii) Tarraing léaráid chun íomhá fhíorúil ingearach fhoirmhádaithe á foirmiú ag lionsa dronnach (inréimneach) a thaispeáint.

2×2



2 gha athraonta

...2

conairí fíorúla le híomhá ingearach fhoirmhádaithe a thabhairt

...2

(iii) Cuirtear frithne 4 cm ó lionsa dronnach (inréimneach). Foirmítear íomhá fhíorúil 5 cm ón lionsa.

Ríomh fad fócasach an lionsa.

4, 2

$$\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} \quad / \quad \frac{1}{f} = \frac{1}{4} + \frac{1}{-5} \quad / \quad \frac{1}{f} = \frac{1}{4} - \frac{1}{5}$$

...4

$$\Rightarrow \frac{1}{f} = \frac{1}{20} \text{ agus } f = 20 \text{ cm}$$

...2

[gan aonad nó aonad mícheart (-1)]

(c) Thart ar 1870, léirigh an t-eolaí Éireannach John Tyndall conas a d'fhéadfaí solas a 'phíopáil' feadh srutha uisce. Taispeántar i bhFíor 6 leagan nua-aimseartha den léiriú seo agus léas léasair á úsáid mar an fhoinse solais.

(i) Sainaithin an feiniméan a choinníonn an solas léasair feadh an tsrutha uisce.

2×4

frithchaitheamh

...4

iomlán inmheánach

...4

(ii) Cad atá i gceist le huillinn chriticiúil ábhair?

2×4

uillinn ionsaithe (sa mheán níos dlúithe)

...4

nuair is é 90° an uillinn athraonta / thairis sin frithchaitear gathanna go hiomlán (ag an teorainn)

...4

(iii) Ríomh an uillinn chriticiúil d'uisce más é 1.33 an chomhéifeacht athraonta d'uisce.

2×1

$$n = \frac{1}{\sin c} \text{ nó } 1.33 = \frac{1}{\sin c} \text{ nó } \sin c = \frac{1}{1.33} \text{ nó } \sin c = 0.7519$$

...1

$$\Rightarrow n = 48.8^\circ \text{ nó } 49^\circ$$

...1

[gan aonad nó aonad mícheart (-1)]

CEIST 5

Is é atá i sruth leictreach ná sreabhadh luchtá trí sheoltóir.

(a) (i) Sainaithin na hiompróirí luchtá nuair is sreang chopair an seoltóir. 6
leictreoin ...6

(ii) Idirhealaigh idir sruth díreach agus sruth ailtéarnach. 2×3

díreach:

sreabhann in aon treo amháin ...3

ailtéarnach:

aisiompáíonn sé treo (an tsreabha) go tréimhsiúil ...3

[léaráidí ceart ceadai...3 + ...3]

(iii) Déan cur síos ar conas a léireofaí iarmhairt mhaighnéadach srutha dhírigh. 3×2

sreanga a iompraíonn sruth nó corna a iompraíonn sruth ...2

miorabh iarainn / compás / fáiscín páipéir ...2

pátrún nó ciorcal / sraonadh ...2

(iv) Sainaithin iarmhairt fhéideartha eile ag sruth ag sreabhadh i seoltóir. 6

téamh / ceimiceach ...6

(b) (i) Luaigh dlí Ohm. 2×3

¹sruth (i seoltóir) comhréireach le $I \propto V$ voltas nó difríocht phoitéinsil comhréireach le $V \propto I$...3

¹difríocht fhéideartha nó voltas ag teocht thairiseach $V \propto I$ ag teocht thairiseach $I \propto V$...3

³ I ag teocht thairiseach $I \propto V$ sruth (i seoltóir) ag teocht thairiseach $V \propto I$ ag teocht thairiseach $I \propto V$ ag teocht thairiseach $V \propto I$...3
[‘ag teocht thairiseach’ fágtha amach (–1)]

Ríomh an sruth atá ag sreabhadh

(ii) i bhfríotóir 4.0Ω atá ceangailte le soláthar 9.0 V , 4, 2

$V = IR / 9 = I \times 4$...4

$(\Rightarrow I = 9 \div 4 =) 2.25 - 2.3 \text{ A}$ nó aimpeanna ...2

[gan aonad nó aonad mícheart (–1) ach ná gearr pionós ach uair amháin le haghaidh (ii) agus (iii) agus (iv)]

(iii) in eilimint citil 2.5 kW atá ceangailte le soláthar 230 V , 4, 2

$P = VI / 2500 = 230 \times I$...4

$(\Rightarrow I = 2500 \div 230 =) 10.869 - 10.9 \text{ A}$...2

[gan aonad nó aonad mícheart (–1) ach ná gearr pionós ach uair amháin le haghaidh (ii) agus (iii) agus (iv)]

[ceadaigh ...5 le haghaidh 0.01 A mura n-athraítear kW go W]

(iv) in eilimint 29.4Ω tóstaeir 1.8 kW nuair a chastar ar siúl é. 4, 2

$P = RI^2 / 1800 = 29.4 \times I^2$...4

$(\Rightarrow I^2 = 1800 \div 29.4 \Rightarrow I =) 7.82 \text{ A}$...2

[gan aonad nó aonad mícheart (–1) ach ná gearr pionós ach uair amháin le haghaidh (ii) agus (iii) agus (iv)]

[ceadaigh ...2 le haghaidh 0.24 A nó 0.25 A mura n-athraítear kW go W]

nó nó

$P = VI / 1800 = 230 \times I$ (glactar le 230 V anseo) ...4

$(\Rightarrow I = 1800 \div 230 =) 7.8 \text{ A}$...2

[gan aonad nó aonad mícheart (–1) ach ná gearr pionós ach uair amháin le haghaidh (ii) agus (iii) agus (iv)]

[ceadaigh ...2 le haghaidh 0.0078 A nó 0.008 A mura n-athraítear kW go W]

(c) Táirgeann dineamó, ar nós an chinn a thaispeántar i bhFíor 7, sruth díreach trí ionductú leictreamaighnéadach.

(i) Sainaithin na codanna lipéadaithe A, B agus C.

3×2

A: corna / armatúr

...2

B: carbón / scuab

...2

C: fáinne roinnte / cómhálartán

...2

(ii) Cad é an príomhthiontú fuinnimh a bhíonn ag tarlú agus an sruth á ghiniúint?

2×3

fuinneamh meicniúil nó fuinneamh cinéiteach

...3

go fuinneamh leictreach

...3

[aisiompaithe ...3]

(iii) Luaigh slí amháin a bhféadfaí méid an tsrutha a ghintear a mhéadú.

6

méadaigh neart an mhaighnéid / rothlaigh níos tapa / méadaigh líon castaí an chorna /

déan an corna níos mó / laghdaigh friotaíocht an chiorcaid / laghdaigh an t-ualach

...6

CEIST 6

Freagair dhá cheann ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c) (d). Tá 33 marc ag gabháil le gach páirt.

Ceist 6 (a)

(i) Idirhealaigh idir mais agus meáchan réada.

6, 3

- is é mais méid an ábhair i rud / is é mais an tomhas friotaíochta go gluaiseacht / is é mais an tomhas táimhe / mais tomhaiste i gcileagraim nó kg / ní athraíonn mais le suíomh / is cainníocht scálach é mais
 - is é meáchan brú na domhantarraingthe ar rud / is é meáchan mais x luasghéarú de thoradh domhantarraingthe / is e meáchan mais x luasghéarú áitiúil saorthitime / $W = mg$ / meáchan tomhaiste i niútain nó N / is féidir le meáchan athrú le suíomh / is cainníocht veicteora é meáchan
- an chéad cheann ceart ó cheachtar acu ...6
an dara ceann ceart ón gceann eile ...3

(ii) Luaigh dlí Newton faoi imtharraingt na cruinne.

2x3 nó 6

tá an fórsa idir dhá mais (pointe) (ar bith) comhréireach le toradh na maiseanna ...3
agus i gcomhréir inbheartach le huimhir chearnach an fhaid eatarthu nó a láir ...3
[‘suim’ in áit ‘toradh’ (-3)] [‘uimhir chearnach an fhaid’ fágtha amach (-3)]

nó ...3

$$F = \frac{GMm}{d^2} / F \propto \frac{Mm}{d^2} \quad \dots 6$$

(iii) Díorthaigh slonn le haghaidh an choibhnis idir g , an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe agus G , tairiseach na himtharraingthe.

2x3

$$F = \frac{GMm}{d^2} \text{ agus } F = mg / \frac{GMm}{d^2} = mg \quad \dots 3$$

$$g = \frac{GM}{d^2} \text{ nó } G = \frac{gd^2}{M} \quad \dots 3$$

(iv) Is abhacphláinéad inár ngrianchóras é Plútón. Bhraithfeadh mais bheag, a scaoilfí saor ó fhosgar do dhromchla Phlútóin ar ga do 1.19×10^6 m, luasghéarú 0.620 m s^{-2} i dtreo lár Phlútóin.

Ríomh mais Phlútóin.

6, 3

$$\frac{GM}{d^2} = g / \frac{6.6742 \times 10^{-11} M}{(1.19 \times 10^6)^2} = 0.620 \quad \dots 6$$

$$(M =) 1.3(15) \times 10^{22} \text{ kg} \quad \dots 3$$

[gan aonad nó aonad mícheart (-1)]

[tóg $1.3(15) \times 10^{22} \text{ kg}$ le cumhacht mhícheart 10 mar earráid neamhthábhachtach, $\therefore$ (-1)]

(v) Is é Carón an ghealach is mó atá ag Plútón. Nuair a bhíonn réad 1.45×10^7 m ó lár Phlútón agus 5.10×10^6 m ó lár Charon, mar a thaispeántar i bhFíor 8, cealaítear na fórsaí domhantarraingthe mar thoradh ar Phlútón agus Charon. Ríomh mais Charóin.

2, 1

$$\frac{GM}{d^2} = \frac{Gm}{x^2} / \frac{M}{d^2} = \frac{m}{x^2} / \frac{1.315 \times 10^{22}}{(1.45 \times 10^7)^2} = \frac{m}{(5.1 \times 10^6)^2} \quad \dots 2$$

$$(m =) 1.6(26) \times 10^{21} \text{ kg} \quad \dots 1$$

[gan aonad nó aonad mícheart (-1)]

[tóg $1.6(26) \times 10^{21} \text{ kg}$ le cumhacht mhícheart 10 mar earráid neamhthábhachtach, $\therefore$ (-1)]

Ceist 6 (b)**(i) Cad is fótón ann?****6**

paicéad nó aonad solais nó fuinnimh leictreamaighnéadaigh / cáithnín fuinnimh gan mhais cáithnín bunúsach de radaíocht leictreamaighnéadach
[gan trácht ar 'solas' ná 'leictreamaighnéadh' (-1)]

...6

Cad ata i gceist le (ii) minicíocht,**3**

líon na dtonna nó na síorathruithe nó tréimhsí a théann thar phointe in aghaidh an tsoicind nó $f = \frac{1}{T}$
[aonad mícheart ama (-1)]

...3

(iii) tonnfhad, toinne?**3**

an fad idir dhá phointe comhfhreagrach (i ndiaidh a chéile) (ar thonn) / an fad idir dhá dhroim (i ndiaidh a chéile) / fad ó log go (céad) log (eile) / fad taistealaithe (ag tonn) i dtréimhse amháin na timthrialla / $\lambda = \frac{c}{f}$
[lig do léaráid lipéadaithe]

...3

(iv) Ríomh tonnfhad na toinne a bhaineann le fótóin ina bhfuil fuinneamh 7.5×10^{-19} J.**4×3, nó 2×6**

